

DIAL TO STOP DRUG DEALING

Cabhraigh linn chun deireadh a chur le mallacht na mangaireachta drugaí i do cheantar. Tá sé ag tarlú ó mhaidin go hoíche. Tá sé ag tarlú i ngach áit. Cloiseann daoine faoi. Feiceann daoine é. Ach ní féidir le roinnt daoine glaoch a chur ar na Gardaí mar nach féidir leo nó nach bhfuil siad toilteanach é a dhéanamh. Ach anois is féidir leat glaoch a chur ar Uimhir Shaorghlao – Dial-To-Stop-Drug-Dealing Freephone. Ní iarrfaimid ort d'ainm a thabhairt ná ní choinneoidimid taifead ar d'uimhir. Is gealltanais é sin. Ach is mian linn aon eolas atá agatsa a bheith againn féin. Aon rud atá ar eolas agat nó atá cloiste agat – beag nó mór – d'fhéadfadh sé a bheith tábhachtach. Bí cinnte go gcuirfean an t-eolas ar aghaidh chuig na Gardaí agus déanfaimid monatóireacht ar cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin.

SAOR Ó DHRUGAÍ SÁBHÁILTE DO PHÁISTÍ

CÉN FÁTH GUR CHÓIR DUIT GLAOCH A CHUR

Tá na daoine atá ag cur drugaí contúirteacha ar fáil – is é sin na mangairí móra – tá siad ag milleadh gnáthshaoil agus tá teaghlaigh agus pobail á scriosadh acu. Ní mhothaíonn daoine go bhfuil siad sábháilte. Tá droch-cháil ag teacht ar chomharsanachtaí agus ar eastáit a raibh cáil mhaith orthu roimhe seo. Tá frustrachas ar na daoine.

Anois tá rud éigin ann gur féidir leat a dhéanamh. Rud atá simplí agus éifeachtach. Cuir glaoch ar Uimhir Shaorghlao – Dial-To-Stop-Drug-Dealing Freephone.

- Ní iarrfaimid ort d'ainm a thabhairt.
- Ní dhéanfaimid iarracht d'uimhir a aimsiú.
- Ní choimeádfaimid taifead ar d'uimhir.

Tá eolas ag teastáil uainn chun dul i ngleic le mallacht na mangaireachta drugaí. Is tionscnamh áitiúil é seo ar chuir grúpaí pobail tús leis ionas go ndéanfar beart éifeachtach. Is mian linn aon eolas atá agatsa a bheith againn féin; nílimid ag iarraidh a fháil amach cé thú féin. D'fhéadfadh rud an-bheag a bheith an-tábhachtach.

NÍ AG DÍRÍÚ AR DHAOINE ÓGA SOGHONTA ATÁ SÉ.

IS LE DEIREADH A CHUR LEIS AN SOLÁTHAR DRUGAÍ ATÁ SÉ.

IS FAOI DO CHUID EOLAIS ATÁ SÉ AGUS NÍ FAOI D'AINM.

CÉ BA CHÓIR GLAOCH A CHUR?

Má tá aon eolas agat ba chóir duit glaoch a chur orainn. Cuimhnigh, ní gá go mbeadh mangaireacht drugaí feicthe agat le do dhá shúil féin. Baineann sé le cad atá eolas agat agus ar cad atá cloiste agat.

Labhraíonn daoine lena chéile. Labhraíonn páistí le páistí eile níos sine agus deir páistí áirithe lena dtuismitheoirí cad atá feicthe acu ar scoil, ar an tsráid, i gclubanna oíche agus i dtithe eile. Cuimhnigh nach ndéanfaimid iarracht d'uimhir a aimsiú nó nach gcoimeádfaimid taifead ar d'uimhir. Ní bheimid ag súil go labhróidh tú leis na Gardaí nó go rachaidh tú os comhair na cúirte. Ní dhéanfaimid taifead ar d'ainm fiú.

Is é sin le rá nach mbeidh a fhios ag aon duine gur chuir tú glaoch orainn – go háirithe iad siúd atá ag plé le drugaí. Is gealltanais é sin.

NÍ SÉIRBHÍS ÉIGEANDÁLA Í DIAL-TO-STOP-DRUG- DEALING. TÁIMID ANSEO CHUN EOLAS A BHAILIÚ AGUS CHUN COIREACHT DRUGAÍ A STOPADH. MÁ TÁ BEART PRÁINNEACH AG TEASTÁIL MAIDIR LE COIR ATÁ FEICTHE AGAT, CUIR GLAOCH AR NA GARDAÍ ÁITIÚIA NÓ AR 999.

**CUIMHNIGH – IS FÉIDIR LEAT LABHAIRT LEIS NA GARDAÍ MÁS
MIAN LEAT. ABAIR LINN NUAIR ATÁ AN GLAOCH DÉANTA AGAT.**

AG CUR GLAOCH?

Tá foireann ghairmiúil ó lasmuigh den cheantar áitiúil fostaithe againn chun do ghlaoch a fhreagairt – daoine nach mbeidh aithne acu ort. Nuair a chuireann tú glaoch, is fearr an oiread eolais agus is féidir a thabhairt. Cuirfidh siad ceisteanna éasca ort den chineál fhiosluaite. Más féidir leat ceann amháin a fhreagairt, cuir an glaoch.

- Cén t-eolas atá agat?
- Cá bhfuil drugaí á ndíol?
- An bhfuil a fhios agat cén cineál drugaí atá á ndíol?
- Cathain a bhíonn an áit an-ghnóthach?
- An bhfuil comhartha acu a léiríonn go bhfuil siad “oscailte le díol” m.sh. solas i seomra codlata ar lasadh?
- Cén áit a gcuireann siad na drugaí i dtaisce?
- An mbuailfeann an mangaire drugaí le daoine taobh amuigh den áitreabh?
- An bhfuil cláruimhreacha feithiclí ann a bhfuil tú amhrasach fúthu?
- An bhfuil a fhios agat cathain a sheachadtar na drugaí? D'fhéadfadh sé seo cabhrú leis na Gardaí na ceannasaithe a aithint.

**TÁBHACHTACH: NÁ CUIR TÚ FÉIN I gCRUACHÁS
CHUN BREIS EOLAIS A FHÁIL.**

DIAL TO STOP DRUG DEALING

Cad atá ann?

Is tionscnamh neamhspleách áitiúil é faoi stiúir grúpaí pobail atá ag obair lena chéile. Cuireadh tús leis mar go bhfuil frustrachas tagtha ar dhaoine faoi fhadhb mhór na mangaireachta drugaí. Is é bunfheidhm an ghrúpa ná tuilleadh eolais faoi mhangaireacht drugaí a bhailiú lena chinntiú go dtéann sé chuig na Gardaí.

Is iad na Gardaí an t-aon dream ar féidir leo imscrúdú a dhéanamh ar mhangaireacht drugaí i gceart chun na coirpigh mhóra drugaí a thabhairt os comhair na gcúirteanna. Is é atá mar fheidhm againn ná a chinntiú go bhfaigheann siad an t-eolas agus go ndéanann siad rud éigin faoi.

DIAL TO STOP DRUG DEALING

1800 220 220

(BÉARLA AMHÁIN)

ANAITHNID AGUS SÁBHÁILTE. DIALÍONN TUSA, GNÍOMHAÍMIDNE!

www.dialtostop.ie

CAD A THARLAÍONN TAR ÉIS DUIT GLAOCH A DHÉANAMH?

Cuirtear do chuid eolais ar aghaidh chuig na Gardaí. Is iad sin an t-aon eagraíocht ar féidir leis imscrúdú a dhéanamh agus gabháil a dhéanamh.

Cuimhnigh, ní féidir leis na Gardaí barántas cuardaigh a fháil bunaithe ar eolas anaithnid amháin – tá faisnéis bhreise nó cruthúnas breise ag teastáil uathu. Is éard atá i gceist leis an bhfeachtas seo ná cabhrú leo cás a chur le chéile ionas gur féidir leo gníomhú go muiníneach agus go héifeachtach.

Ná déan dearmad, bí foighneach – ar chúiseanna maithe, d'fhéadfadh sé tamall a thógáil ar na Gardaí gníomhú de réir an eolais a thug tú dóibh. D'fhéadfadh siad a bheith ag cur cás le chéile. D'fhéadfadh siad a bheith ag díriú ar dhuine éigin ardchéime agus d'fhéadfadh gníomhú láithreach cur isteach air sin. Rud cinnte áfach – má chuireann tú gaoch, beidh ról tábhachtach á chomhlíonadh agat i dtaca le cabhrú chun do cheantar a choimeád saor ó dhrugaí.

DIAL TO STOP DRUG DEALING

1800 220 220

(BÉARLA AMHÁIN)

ANAITHNID AGUS SÁBHÁILTE. DIALÍONN TUSA, GNÍOMHAÍMIDNE!

TIONSCLAMH ÁITIÚIL INA bhFUIL GRÚPAÍ POBAIL AG OBAIR LENA CHÉILE CHUN GNÍOMHÚ ÉIFEACTACH A BHEITH ANN.



NDST National Drugs Strategy Team



Dial to Stop Drug Dealing is supported by the National Drug Strategy Team through the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, the Dormant Accounts Fund and the Department of Justice, Equality and Law Reform.

“ Tá siad ag milleadh shaolta ár bpáistí. Ag loiteadh na háite. Hearóin. Cócaon. Cannabas. Tá siad feicthe ag mo pháistí agus iad á ndíol. Is féidir liom gaoch a chur ar dhuine éigin anois. Níl m'ainm á lorg acu. Cinnteoidh siad go dtugtar an scéal do na Gardaí.

I ndeireadh thiar, is féidir liom rud éigin a dhéanamh.

www.dialtostop.ie



DIAL TO STOP DRUG DEALING

1800 220 220

(BÉARLA AMHÁIN)

ANAITHNID AGUS SÁBHÁILTE. DIALÍONN TUSA, GNÍOMHAÍMIDNE!

www.dialtostop.ie